Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15816/24**

**CONUN 231**
**ONU 133**
**DEVGEN 185**
**ACP 124**
**COAFR 409**
**COASI 187**
**COEST 663**
**CLIMA 414**
**COLAC 159**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Samhain 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tíortha talamhiata i mbéal forbartha (TTBF)<br>– (Conclúidí ón gComhairle – an 18 Samhain 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le tíortha talamhiata i mbéal forbartha (TTBF), a ghlac an Chomhairle ag an 4058ú cruinniú a bhí aici an 18 Samhain 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le tíortha talamhiata i mbéal forbartha (TTBF)**

1. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit an 3ú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le tíortha talamhiata i mbéal forbartha (TTBFanna)[1], a bheidh ar siúl ón 10 go dtí an 13 Nollaig 2024, in Gaborone, an Bhotsuáin. Leis an téama 'Forás a spreagadh trí chomhpháirtíochtaí', leagtar béim ar a thábhachtaí atá an ghníomhaíocht chomhchoiteann don fhorbairt inbhuanaithe. Is deis í an chomhdháil seo (TTBF3), deis nach dtagann ach uair amháin gach 10 mbliana, chun creat nua uaillmhianach a leagan amach do TTBFanna, chun dul i ngleic le dúshláin leanúnacha, chun athléimneacht a fhorbairt i leith suaití a bheidh ann amach anseo agus chun dlús a chur le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

2. Tá a chomhpháirtíocht leis na TTBFanna á neartú go gníomhach ag an Aontas, ar an leibhéal déthaobhach, trí ghealltanais réigiúnacha agus ar an leibhéal domhanda. Tá an tAontas lántiomanta a chomhar leis an nGrúpa TTBFanna agus a Bhiúró, atá faoi chathaoirleacht na Botsuáine faoi láthair, a leathnú a thuilleadh.

3. Tuairim is 570 milliún duine atá ina gcónaí sna 32 TTBF, atá suite i gcodanna éagsúla den Afraic, den Áise, den Eoraip agus de Mheiriceá Theas. Baineann deiseanna agus dúshláin ar leith le gach ceann acu. Fágann easpa rochtain dhíreach ar an bhfarraige oscailte, go háirithe nuair a bhíonn iargúltacht gheografach i gceist freisin, go mbíonn roinnt saincheisteanna ann maidir le comhtháthú agus trádáil dhomhanda. Áirítear orthu sin bacainní ar iompar agus ar chumarsáid, achair fhada ó mhargaí móra agus nósanna imeachta achrannacha idirthurais. Fágann spleáchas ar idirthurais trí thíortha comharsanacha go mbíonn ualach breise ar bhonneagar agus costas níos airde ar earraí. Ar an iomlán, d'fhéadfadh sé sin cur leis na deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú agus infheistíocht idirnáisiúnta.

4. I mí Mheán Fómhair 2023, tháinig Ballstáit na Náisiún Aontaithe le chéile chun a ngealltanas a athdhearbhú maidir le Clár Oibre 2030 agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFInna) a ghabhann leis a chur chun feidhme go héifeachtúil agus seasamh leis na prionsabail uile atá cumhdaithe ann.'

---

[1] An Afganastáin, an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhútáin, Stát Ilnáisiúnach na Bolaive, an Bhotsuáin, Buircíne Fasó, an Bhurúin, Poblacht na hAfraice Láir, Sead, Easuaitíní, an Aetóip, an Chasacstáin, Poblacht na Cirgise, Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laoch, Leosóta, an Mhaláiv, Mailí, Poblacht na Moldóive, an Mhongóil, Neipeal, an Nígir, an Mhacadóin Thuaidh, Paragua, Ruanda, an tSúdáin Theas, an Táidsíceastáin, an Tuircméanastáin, Uganda, an Úisbéiceastáin, an tSaimbia, an tSiombáib.

5. Is díol sásaimh don Aontas an gealltanas domhanda athnuaite chun an córas iltaobhach a athbheochan agus chun dlús a chur le baint amach na SFInna atá i gcroílár an Chomhshocraithe don Todhchaí a glacadh i mí Mheán Fómhair 2024. Aontaímid leis an aitheantas a thugtar do chásanna speisialta na dtíortha talamhiata atá i mbéal forbartha agus go dteastaíonn cúnamh uathu chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme.

6. Tá an tAontas tiomanta tacú leis an obair chuige sin, agus aithníonn sé an gá atá le gealltanais atá dírithe ar ghníomhaíocht chun a chur ar chumas TTBFanna dlús a chur le baint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe, na dúshláin leanúnacha a shárú, agus athléimneacht a fhorbairt i leith suaití a bheidh ann amach anseo. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé tosaíochtaí nithiúla a fhoirmliú agus a chur chun feidhme, ar tosaíochtaí iad a fhreastalóidh ar riachtanais shainiúla TTBFanna, i gcomhréir lenár ngealltanas gan aon duine a fhágáil ar lár agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe á mbaint amach.

7. Tá Clár Gníomhaíochta Vín, a glacadh in 2014, ina chreat soiléir gona shé réimse tosaíochta: beartas idirthurais; forbairt bonneagair; trádáil agus éascú trádála; lánpháirtiú réigiúnach agus comhar réigiúnach; claochlú eacnamaíoch struchtúrach; agus modhanna cur chun feidhme. Ní mór dlús a chur leis na hiarrachtaí chun uaillmhianta Chlár Gníomhaíochta Vín a bhaint amach – go háirithe mar fhreagairt ar na céimeanna ar gcúl a bhaineann le paindéim COVID-19, teannas geopholaitiúil, coinbhleachtaí, an t-athrú aeráide, éiginnteacht an tsoláthair bia agus an chothaithe, agus dálaí díobhálacha eacnamaíocha domhanda. Tá an tAontas ag tnúth le bheith ag obair leis na TTBFanna chun na tosaíochtaí a leagfar síos in Gaborone a chur chun feidhme.

8. Is díol sásaimh don Aontas an Rún a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 21 Nollaig 2020 maidir leis an ‘Athbhreithniú ceathairbhliantúil cuimsitheach beartais ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla chun córas na Náisiún Aontaithe a fhorbairt’, ina luaitear gur gá do chóras forbartha na Náisiún Aontaithe an tacaíocht do na TTBFanna a fheabhsú. Is díol sásaimh don Aontas freisin Innéacs Domhanda na Bochtaineachta Ilghnéithí atá beartaithe.

9. Molann an tAontas comhar agus comhtháthú réigiúnach feabhsaithe, lena n-áirítear maidir le bonneagar, an claochlú digiteach agus éiceachórais nuálaíochta fheabhsaithe, mar bhealach chun tacú leis na TTBFanna na srianta geografacha a shárú agus an rochtain atá acu ar mhargaí idirnáisiúnta a fheabhsú. Tacaíonn an tAontas agus na Ballstáit go háirithe le Limistéar Saorthrádála Mór-roinne na hAfraice, a mbaineann móracmhainn chlaochlaitheach leis do thíortha an réigiúin, go háirithe TTBFanna, trí thionscnamh tiomnaithe Fhoireann na hEorpa. I dteannta forbairt bonneagair, Líonra Mórbhealaí na hÁise agus an Gréasán Iarnróid Tras-Áiseach mar shampla, aithníonn an tAontas gur gá infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí glana, in-athnuaite agus digiteacha chun comhtháthú eacnamaíoch agus athléimneacht na TTBFanna a neartú. Is den ríthábhacht é na rialacha trádála a chomhchuibhiú, rud a chuideoidh leis na TTBFanna rialacháin agus nósanna imeachta riaracháin a shimpliú chun trádáil soláthairtí riachtanacha a áirithiú agus nósanna imeachta trádála atá níos tapúla agus níos trédhearcaí a ráthú agus, ar an gcaoi sin, leasanna an phobail a chosaint.

10. Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta ról cuiditheach a bheith acu roimh an 3ú Comhdháil maidir le TTBFanna, lena linn agus ina diaidh, ar fud an réimse tosaíochtaí a sainaithníodh sa Dhréachtchlár Gníomhaíochta. Chuige sin, tá an tAontas faoi réir chun comhoibriú le comhpháirtithe éagsúla, mar shampla an Mheitheal Mhachnaimh Idirnáisiúnta do Thíortha Talamhiata i mBéal Forbartha agus UN-OHRLLS (Oifig Ardionadaí na Náisiún Aontaithe do na Tíortha is lú Forbairt, do Thíortha Talamhiata i mBéal Forbartha agus do Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha).

11. Leagann an tAontas béim ar acmhainn chlaochlaitheach an fhuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear grianfhuinneamh, an ghaoth agus hidrigin. Cuireann siad sin réitigh inbhuanaithe ar fáil i dtaobh riachtanais na TTBFanna, agus is deis iontach iad chun scileanna digiteacha agus fiontraíochta a fhorbairt chun poist sna slabhraí luacha glasa agus scileanna digiteacha a chur chun cinn chun nascacht a fheabhsú.

12. Tá an tAontas tiomanta oibriú go dlúth lena chomhpháirtithe, dlús a chur leis an aistriú glas agus tairbhe a bhaint as, agus tacú le cur chun feidhme na ngealltanas domhanda. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit den chomhar leis na comhpháirtithe a neartú maidir le forbairt agus cur chun feidhme na rannchuidithe uaillmhianacha arna gcinneadh go náisiúnta, lena dtugtar aghaidh go héifeachtach ar na gealltanais a rinneadh mar chuid den Athbhreithniú Domhanda, lena n-áirítear aistriú ó bhreoslaí iontaise ar bhealach cóir eagraithe cothrom, agus maidir le Pleananna Oiriúnaithe Náisiúnta a fhorbairt ar mhaithe le hacmhainneacht oiriúnaitheach a fheabhsú, an athléimneacht a neartú agus leochaileacht a laghdú.

13. Tá an tAontas tiomanta bearnaí digiteacha a dhúnadh sna TTBFanna trí thacú le cláir litearthachta digití, trí fheabhas a chur ar an mbonneagar digiteach, agus trí rochtain ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a éascú. Cuireann teicneolaíochtaí digiteacha deiseanna iontacha ar fáil chun córais oideachais, sláinte agus cosanta sóisialta a chlaochlú ó bhonn agus chun institiúidí a neartú. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé sonraí a bhailiú agus a anailísiú ar bhealach stóinseach imdhealaithe chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais shonracha na TTBFanna, ionas go bhféadfar idirghabhálacha beartais níos spriocdhírithe agus níos éifeachtaí a dhéanamh.

14. Tacaíonn an tAontas agus na Ballstáit leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun an t-ollstruchtúr idirnáisiúnta airgeadais agus na bainc forbartha iltaobhacha a athchóiriú, mar fhorbairt ar Chomhshocrú Pháras do Dhaoine agus don Phláinéad agus ar Chlár Oibre Bridgetown 2.0. Is díol sásaimh don Aontas agus dá Bhallstáit an gealltanas láidir atá sa Chomhshocrú don Todhchaí i ndáil leis an méid sin. Rachaidh an tAontas i mbun gnímh ar bhealach éifeachtach, ag oibriú lena chomhpháirtithe, chun dul chun cinn fóinteach a bhaint amach ina thaobh ag an 4ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta a reáchtálfar sa Spáinn in 2025.

15. Ní mór é a bheith mar aidhm iarracht dhomhanda a dhéanamh na hacmhainní is gá ó gach foinse a shlógadh chun dlús a chur le cur chun feidhme iomlán Chlár Oibre 2030 agus Chomhaontú Pháras, lena n-áirítear leachtacht a mhéadú agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an maoiniú tearc lamháltais. Is chun an leasa choitinn é aghaidh níos fearr a thabhairt ar dhúshláin agus neamhionannais dhomhanda, agus earraí poiblí domhanda a chosaint, chun a áirithiú nach mbeidh ar aon tír rogha a dhéanamh idir comhrac na bochtaineachta agus an comhrac ar son an phláinéid. I ndáil leis an méid sin, tacaíonn an tAontas agus na Ballstáit le forbairt ionstraimí nuálacha maoiniúcháin ar nós clásail fiachais maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide do na tíortha is leochailí.

16. Tá an tAontas Eorpach ina chomhpháirtí ag na TTBFanna le fada an lá. De réir na bhfigiúirí is déanaí atá ar fáil, rinne an tAontas cistiú ODA dar luach EUR 10.6 billiún a leithdháileadh ar TTBFanna in 2022. Is mó ná EUR 3 bhilliún an maoiniú a chuir an Banc Eorpach Infheistíochta ar fáil do thionscadail in TTBFanna le 6 bliana anuas. Is é is aidhm do na tionscadail sin feabhas a chur ar an saol agus ar na deiseanna atá in 24 cinn de na 32 TTBF, trí thacú leo na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Cuireann Ballstáit an Aontais a gcúnamh féin ar fáil nach bhfuil san áireamh sna figiúirí sin.

17. Mar chuid dá straitéis 'Global Gateway', tá an tAontas ag dul i gcomhpháirtíocht leis na TTBFanna i ndáil le hinfheistíochtaí digiteacha, aeráide agus fuinnimh, iompair, sláinte, oideachais agus taighde. Tá an tAontas ag maoiniú rogha tionscadail shuaitheanta straitéiseacha a théann chun tairbhe do TTBFanna, Conair Lobito, mar shampla, lena leagtar iarnród ar feadh na gcéadta ciliméadar ó chúigí Chrios an Chopair i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus sa tSaimbia chuig líne iarnróid atá ann cheana in Angóla. San Áise Láir, beidh dhá thionscnamh shuaitheanta de chuid Fhoireann na hEorpa ina gcuidiú chun nascacht agus comhtháthú réigiúnach a mhéadú; baineann tionscnamh amháin díobh sin le nascacht dhigiteach agus baineann an ceann eile le huisce, fuinneamh agus an t-athrú aeráide. Ag an bhfóram d'infheisteoirí maidir le Nascacht Iompair idir an tAontas agus an Áise Láir i mí Eanáir 2024, chomhaontaigh an tAontas le ceannairí na hÁise Láir tús a chur le forbairt na Conaire Iompair Tras-Chaispí, lena soláthrófar mearbhealach idir an Eoraip agus an Áise. Tá an tAontas ag tacú freisin le réimse TTBFanna ar fud réigiún na Súdáine agus na Saiheile trína ghealltanas suntasach i leith Thionscnamh an Bhalla Mhóir Ghlais, lena n-áirítear faoi chuimsiú Luasaire an Bhalla Mhóir Ghlais. Cuidíonn an rannpháirtíocht sa tionscnamh sin le meascán de thírdhreacha glasa agus táirgiúla a fhorbairt chun an tslándáil bia agus athléimneacht, brabúsacht agus inbhuanaitheacht na slite beatha tuaithe a mhéadú ar fud an réigiúin.

18. Ina theannta sin, tá an tAontas ag obair chun a áirithiú gur féidir cistí poiblí a úsáid freisin chun borradh a chur faoi infheistíochtaí na hearnála príobháidí chun bearna na hinfheistíochta domhanda bonneagair a dhúnadh. Is tosaíocht straitéiseach é acmhainneacht infheistíochta na hearnála príobháidí a ghiaráil, tosaíocht a shaothraítear trí fheabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus infheistíochta, trí bhacainní teicniúla trádála a bhaint, trí chothroime iomaíochta a áirithiú agus trí uirlisí airgeadais a úsáid chun cistí a charnadh isteach. Tríd an gcreat gníomhaíochta sin, tugann an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+) ráthaíochtaí d'infheisteoirí san earnáil phríobháideach trí institiúidí maoinithe forbraíochta.

19. Tá an Comhaontú Comhpháirtíochta nua idir an tAontas agus a Bhallstáit agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, a síníodh i mí na Samhna 2023, á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2024 i leith. Leagtar síos ann roinnt príomhphrionsabail choiteanna: cearta an duine, an daonlathas, an tsíocháin agus an tslándáil, forbairt dhaonna agus shóisialta, an t-athrú aeráide agus an comhshaol, agus imirce agus soghluaisteacht. Maidir leis na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) atá sínithe ag an Aontas le comhpháirtithe, is léir tionchar dearfach na gcomhaontuithe sin ar gheilleagair na dtíortha lena mbaineann. Tá an tAontas ag tnúth le caidreamh cuimsitheach a fhorbairt leis na TTBFanna faoi chuimsiú an mhéid sin.

20. Ag féachaint chun cinn dó, tá an tAontas tiomanta a chomhpháirtíocht leis na TTBFanna a neartú trí chomhar agus idirphlé, trí chúnamh teicniúil agus trí thacaíocht fothaithe acmhainneachta. Ag tógáil ar an toradh a bhí ar Chruinniú Mullaigh don Todhchaí 2024 agus ar Chruinniú Mullaigh maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2023, agus ag súil leis an toradh a bheidh ar chomhdháil TTBF3, tá leas coiteann ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha TTBFanna, i measc tosaíochtaí eile, le linn an 4ú Comhdháil um Maoiniú Forbraíochta.

21. Tá an tAontas ag tnúth le torthaí an 3ú Comhdháil maidir le TTBFanna agus leis an gcéad Chlár Gníomhaíochta eile maidir le TTBFanna, a mheastar a ghlacfar ag an gcomhdháil le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach, an saol acadúil agus an óige. Táimid faoi réir chun rannchuidiú le cur chun feidhme an Chláir Gníomhaíochta maidir le réimsí tosaíochta, mar atá an t-athrú aeráide, claochlú struchtúrach, éascú trádála agus nascacht, chomh maith le rochtain níos éasca ar mhaoiniú agus infheistíochtaí don aeráid agus don fhorbairt.